Nótaí an Mhúinteora: Stionsalú agus Priontáil Scáileáin

le Gemma Mc Girr

Ábhair: *Siosúrchárta*
Spúinsí, scuabanna, scuabanna fiacla, scian cheardaíochta agus scuab bhreicnithe (roghnach)
Péinteanna póstaeir (príomhdhathanna)
Scáileán síoda agus leachtscuab
Téip chumhdaigh
Nuachtán
Péinteanna acrailic agus meán prionta chóras 3 (roghnach)

Spreag na leanaí chun amharc ar an ealaíontóir sa stiúideo ag déanamh priontaí le stionsal (sa ghearrthán físe). Pléigh an chaoi a ndéantar cruthanna dearfacha agus diúltacha. Féach mar a chruthaítear na huigeachtaí éagsúla le scuabanna agus spúinsí éagsúla agus trí dhraoibeáil na péinte.

Úsáideann na leanaí ar an bhfistéip a bpáirc áitiúil mar spreagadh dá gcuid stionsal. Is iomaí téama is féidir a úsáid mar spreagadh: scéalta, dánta, amhráin, séasúir, féilte, ócáidí speisialta, pacáistiú...

Féadfaigh na leanaí triail a bhaint as modhanna éagsúla stionsail, agus dathanna éagsúla ar réimse de chúlraí. Spreag iad chun a gcuid roghanna a phlé, cad a thaitníonn leo faoi na priontaí.

Le haghaidh priontáil ar scáileán síoda féadfaidh na leanaí obair i ngrúpaí mar go mbeidh siad in ann cabhrú le chéile nuair a bhíonn an leachtscuab a tharraingt anuas thar an scáileán.

- Ullmhaigh an scáileán le téip chumhdaigh mar a thaispeántar sa mhionfhístéip, cruthaíonn sé seo tobar don phéint agus coinníonn sé laistigh den fhráma é.
- Clúdaigh an bord le nuachtáin
- Gearr nó stróic an stionsal ó phrionta nuachtáin nó as nuachtán, (greamaíonn sé seo leis an scáileán chun an prionta a dhéanamh).
- Cuir an scáileán síoda thar an stionsal agus déan cinnte go mbíonn sé go léir laistigh den fhráma.
- Doirt an phéint isteach sa tobar ag barr an scáileáin.
- Cuir an leachtscuab ag barr an scáileáin
- Tarraing an leachtscuab anuas thar an scáileán, ag tarraingt an dath anuas leis. B'fhéidir gur ghá é seo a dhéanamh in athuair le cinntiú go ngreamaíonn an stionsal leis an scáileán.
- Ardaigh an scáileán agus ba chóir go mbeadh an stionsal greamaithe leis.
- Bain as an nuachtán péinteáilte agus cuir isteach an bhileog a theastaíonn uait priontáil uirthi. Cuir nuachtán úr anuas arís chun praiseach mór a sheachaint!
- Cuir an scáileán, agus an stionsal greamaithe air, anuas ar an mbileog páipéir.
- Doirt péint isteach sa tobar agus tarraing an leachtscuab anuas thar an scáileán. B'fhéidir gur ghá é seo a dhéanamh in athuair chun sraith cothrom datha a fháil.
- Ardaigh an scáileán agus tarraing an leathanach as go cúramach. Ba chóir go mbeadh prionta maith agat. Is féidir an stionsal céanna a úsáid chun priontaí éagsúla a dhéanamh.

Nigh an scáileán le huisce bogthe le gallúnach ag deireadh an tseisiúin. Nuair a bhíonn sé tirim cuir téip chumhdaigh úr air agus beidh tú réidh chun tosú arís.

© Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas